

Poist Nua

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi phoist nua atá le cruthú i nGaillimh. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na focail Ghaeilge atá le fáil sa mhír a cheangal leis na focail Bhéarla thíos.

1. It was announced	a. <i>earnáil na tionsclaíochta agus na déantúsaíochta troime</i>
2. fifty	b. <i>comhlacht taighde margaíochta</i>
3. European centre	c. <i>leathchéad</i>
4. marketing research company	d. <i>taiscéalaíocht ola</i>
5. industrial & heavy manufacturing sector	e. <i>An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta</i>
6. mining	f. <i>Infheistíocht</i>
7. oil exploration	g. <i>lárionad Eorpach</i>
8. Minister for Enterprise, Trade & Employment	h. <i>fiúntach</i>
9. worthwhile / quality	i. <i>fógraíodh</i>
10. investment	j. <i>mianadóireacht</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Ceist 2

Féachaigí ar an mhír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh. Baineadh úsáid as focal Béarla sa mhír – *experience*, cén Ghaeilge atá ar an fhocal seo?

Ceist 3

Anois féach ar an mhír don dara huair agus breac síos pointe amháin eolais faoi na nithe seo a leanas:

Industrial Info Resources

Texas

Margaí na hEorpa

TMD

Batt O’Keeffe

Údarás Forbartha Tionscail

Ceist 4

'Lionfar'

Is é seo an briathar saor, ach cén aimsir atá i gceist?

(a) Scríobh amach na briathra thíos san aimsir sin i ngach pearsa:

Tóg	Caith	Sábháil
Léigh	Ceannaigh	Freastail

(b) Anois, cuir na briathra mírialta san aimsir chéanna.

Abair
Beir
Bí
Clois
Déan
Faigh
Feic
Ith
Tabhair
Tar
Téigh

Ceist 5

'taighde' – taighdeoir

(a) Éist leis an mhír arís agus breac síos na focail atá mar fhréamhacha do na poist seo thíos:

Tionsclaí: _____
Mianadóir: _____
Taiscéalaí: _____
Oifigeach: _____
Aistritheoir: _____
Fostóir: _____
Infheisteoir: _____

(b) Ceangail na focail thuas le chéile a bhfuil na deirí céanna acu.

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil a fhios agat cén ghairm bheatha nó post ar mhaith leat agus tú níos sine?

Cén tábhacht a bhaineann leis an Ardteistiméireacht agus post a fháil?

An bhfuil ar mhórán daoine dul ar imirce sa lá atá inniu ann?

An mbeifeá féin sásta dul ar imirce mura mbeadh do phost foirfe le fáil in Éirinn?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1 agus Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
i	c	g	b	a	j	d	e	h	f

Taithí - *experience*

Ceist 3

Industrial Info Resources

Comhlacht Meiriceánach ó Texas.

Comhlacht taighde margaióchta atá ann.

Baineann an taighde le hearnáil na tionsclaíochta agus na déantúsaíochta troime, leithéidí mianadóireacht agus taiscéalaíocht ola do mhargaí na hEorpa.

Tá sé le 50 post a chruthú i nGaillimh.

Texas

An áit gurb as an Comhlacht IIR.

Margaí na hEorpa

Déanann IIR taighde d'earnáil na tionsclaíochta agus na déantúsaíochta troime, leithéidí mianadóireacht agus taiscéalaíocht ola do mhargaí na hEorpa.

TMD

Bhí an comhlacht seo ar an Spidéal.

Bhí 15 duine fostaithe ag an chomhlacht.

Cheannaigh IIR é.

Batt O'Keeffe

Is é an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Dúirt sé gur poist fhiúntacha iad na poist seo do chéimithe.

Údarás Forbartha Tionscail

Is é Jim Murren an Ceannasaí Réigiúnach don Údarás Forbartha Tionscail.

Ní déarfadh an tÚdarás Forbartha Tionscail cé mhéad is fiú an infheistíocht atá déanta acu in IIR.

Ceist 4

(a)

<p>Tóg Tógfaidh mé Tógfaidh tú Tógfaidh sé/sí Tógfaimid Tógfaidh sibh Tógfaidh siad</p>	<p>Caith Caithfidh mé Caithfidh tú Caithfidh sé/sí Caithfimid Caithfidh sibh Caithfidh siad</p>	<p>Sábháil Sábhálfaidh mé Sábhálfaidh tú Sábhálfaidh sé/sí Sábhálfaimid Sábhálfaidh sibh Sábhálfaidh siad</p>
<p>Léigh Léifidh mé Léifidh tú Léifidh sé/sí Léifimid Léifidh sibh Léifidh siad</p>	<p>Ceannaigh Ceannóidh mé Ceannóidh tú Ceannóidh sé/sí Ceannóimid Ceannóidh sibh Ceannóidh siad</p>	<p>Freastail Freastalóidh mé Freastalóidh tú Freastalóidh sé/sí Freastalóimid Freastalóidh sibh Freastalóidh siad</p>

(b)

<p>Abair Déarfaidh mé Déarfaidh tú Déarfaidh sé/sí Déarfaimid Déarfaidh sibh Déarfaidh siad</p>	<p>Beir Béarfaidh mé Béarfaidh tú Béarfaidh sé/sí Béarfaimid Béarfaidh sibh Béarfaidh said</p>	<p>Bí Beidh mé Beidh tú Beidh sé/sí Beimid Beidh sibh Beidh siad</p>	<p>Clois Cloisfidh mé Cloisfidh tú Cloisfidh sé/sí Cloisimid Cloisfidh sibh Cloisfidh siad</p>
<p>Déan Déanfaidh mé Déanfaidh tú Déanfaidh sé/sí Déanfaimid Déanfaidh sibh Déanfaidh siad</p>	<p>Faigh Gheobhaidh mé Gheobhaidh tú Gheobhaidh sé/sí Gheobhaimid Gheobhaidh sibh Gheobhaidh siad</p>	<p>Feic Feicfidh mé Feicfidh tú Feicfidh sé/sí Feicfidimid Feicfidh sibh Feicfidh siad</p>	<p>Ith Íosfaidh mé Íosfaidh tú Íosfaidh sé/sí Íosfaimid Íosfaidh sibh Íosfaidh siad</p>
<p>Tabhair Tabharfaidh mé Tabharfaidh tú Tabharfaidh sé/sí Tabharfaimid Tabharfaidh sibh Tabharfaidh siad</p>	<p>Tar Tiocfaidh mé Tiocfaidh tú Tiocfaidh sé/sí Tiocfaimid Tiocfaidh sibh Tiocfaidh siad</p>	<p>Téigh Rachaidh mé Rachaidh tú Rachaidh sé/sí Rachaimid Rachaidh sibh Rachaidh siad</p>	

Ceist 5

(a) Tionsclaí:	<i>tionsclaíocht</i>
Mianadóir:	<i>mianadóireacht</i>
Taiscéalaí:	<i>taiscéalaíocht</i>
Oifigeach:	<i>oifigí</i>
Aistritheoir:	<i>aistriú</i>
Fostóir:	<i>fostóidh</i>
Infheisteoir:	<i>infheistíocht</i>

(b) tionsclaí / taiscéalaí, mianadóir / fostóir, aistritheoir / infheisteoir agus oifigeach.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Fógraíodh inniu go bhfuil leathchéad post le cruthú i gCathair na Gaillimhe. Cruthóidh an comhlacht Meiriceánach *Industrial Info Resources* leathchéad post taighde margaíochta sa lárionad Eorpach atá bunaithe acu i mBaile an Bhriotaigh. Líonfar na folúntais as seo go ceann cúig bliana.

Sorcha Ní Mhonacháin

Comhlacht taighde margaíochta as Texas na Stát Aontaithe iad *Industrial Info Resources* nó IIR. Taighde a bhaineann le hearnáil na tionsclaíochta agus na déantúsaíochta troime, leithéidí mianadóireacht agus taiscéalaíocht ola do mhargaí na hEorpa a bheas ar bun sna hoifigí seo i mBaile an Bhriotaigh i nGaillimh. Ní fiontar go huile agus go hiomlán úr atá sna poist¹ a fógraíodh inniu. Cheannaigh an comhlacht Meiriceánach IIR comhlacht darbh ainm TMD teoranta a raibh cúig cloigne déag² fostaithe acu ar an Spidéal i gContae na Gaillimhe, agus bhog siad anseo bliain ó shin. Cruthaíodh deich bpost ó tharla an t-aistriú sin. Inniu agus é ag fógairt go bhfostóidh IIR caoga duine eile ó seo go ceann cúig bliana, dúirt an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Batt O’Keeffe gur poist fhiúntacha³ iad seo do chéimithe.

Jim Murren

Daoine as an Ollscoil, agus as an GMIT, daoine a bhfuil céimeanna acu, agus daoine a bhfuil *experience* acu, *em* i ngnó⁴ agus daoine a bhfuil teangacha éagsúla acu, teangacha Eorpacha acu.

Sorcha Ní Mhonacháin

Ní déarfadh⁵ an tÚdarás Forbartha Tionscail cé mhéad is fiú an infheistíocht atá déanta acu in IIR. Síltear go líonfar deich bpost den chaoga atá fógartha ó seo go ceann bliana. Sorcha Ní Mhonacháin, Nuacht TG4 i nGaillimh.

¹ postannaí a deirtear

² cúig chloigne déag a deirtear

³ postanna fiúntacha a deirtear

⁴ I gnó a deirtear

⁵ Ní abródh a deirtear